Clár

Cad a Chloiseann Tú? 3

Cad is Fuaim Ann? 4

Glórach agus Bog 8

Ard agus Íseal 12

Fuaimeanna Thart Ort . . .16



Cad a Chloiseann Tú?

Tá an domhan lán d'fhuaimeanna. Ceann amháin de na príomhbhealaí ina bhfaighimid tuiscint ar an domhan ná éisteacht leis na fuaimeanna atá ann. Nuair a chloiseann tú clog aláraim, tá a fhios agat go bhfuil sé in am éirí. Nuair a chloiseann tú clog ag bualadh, tá a fhios agat go bhfuil sé in am do ranganna. Suigh go ciúin agus éist.
Cad a chloiseann tú?

◀ An gcloiseann tú madra ag tafann?

▲ An gcloiseann tú duine éigin ag caint?



◀ An gcloiseann tú trácht?

Cad is Fuaim Ann?

Is cineál fuinnimh é fuaim. Déanann rud fuaim nuair a chreathann sé, is é sin nuair a bhogann sé anonn agus anall go han-ghasta. Nuair atá an rud ag bogadh cuireann sé an t-aer thart air ar crith chomh maith. Gluaiseann na tonnchreathanna seo tríd an aer mar thonnta fuaime. Nuair a shroicheann na tonnchreathanna ár gcluasa, cloisimid an fhuaim.

Nuair a sheinneann duine ar ghléas ceoil, gluaiseann an ceol tríd an aer. ▶

◀ Bogann tonnta fuaime tríd an aer cosúil le **cuilithíní** ar lochán. Spréann na tonnta amach ón bhfoinse

Gluaiseann **fuaimthonnta** tríd an aer. Is féidir leo bogadh trí **sholaid** agus **leachtanna** chomh maith. Iompraíonn gach ábhar fuaim ar bhealach éagsúil. Is seoltóir maith fuaime é ábhar a iompraíonn fuaim go maith.



▲ Is seoltóir maith fuaime é uisce. Is féidir le míolta móra teagmháil a dhéanamh le chéile thar achair fhada.

◀Seolann solaid fuaim chomh maith. Nuair a labhraíonn tú ar theileafón sreangáin, gluaiseann tonnchreathanna fuaime tríd an sreangán go dtí an cupán eile.